Emmet House, Milltown, Dublin 14
Tel: 01 2690677 Email: info@fssu.ie

# Financial Guideline 2021/2022 – 27

## Community & Comprehensive Schools

## Grants payable to Community & Comprehensive Schools
## School year 2022/2023

*This guideline supersedes guideline 23-2020/2021- Grants payable to Community & Comprehensive Schools 2021/2022.*

1. **Non-Pay Grant:** From the 1st September 2022 the rate is €276.00 per pupil (including PLC pupils). The non-pay grant is designed to cover normal school running costs.

   **In addition to the non-pay grant** an additional **€91** per pupil in Post Leaving Certificate (PLC) courses will be paid.

   There is a 25% deduction to the Non-Pay Grant and PLC allocation for PPP schools.

   The non-pay budget also includes a provision of €10,000, plus an additional capitation grant of €6.00 per pupil (including number of PLC pupils), under the heading of *Minor Works of a Capital Nature*. Minor Works Grant is not payable to PPP schools.

   The grant is paid in four instalments: January, April, July and October.

   **N.B. January and April payments are calculated based on 90% of the previous year budget divided by four with one quarter paid in January & one quarter paid in April. Full adjustment for the current year enrolment is applied to the July and October payments which is paid in two equal amounts.**

2. **Non-Teaching Pay Grant:** This grant is designed to cover the cost of staffing allocations approved by the Department. The grant is based on the sanctioned staff numbers and salary based on Department approved salary scales. Schools Financial Division should be notified of all changes to sanctioned staff. It should also be noted that approval **must** be sought for all new sanctioned staff from Schools Division Financial.

**Contributory pension scheme for full-time non-teaching employees:**

Since 2021, a deduction corresponding to the annual total of such pension contributions is made by the Department from the individual school grant.
See Financial Guideline 2020/2021-22 for further details.

There is no Departmental sanction given for Caretakers and Cleaners in PPP schools.

The grant is paid in four instalments: January, April, July and October.

**N.B. January and April payments are calculated based on 90% of the previous year budget divided by four with one quarter paid in January & one quarter paid in April. Full adjustment for the current year census is applied to the July and October payments and a deduction is made for the prior year's employees annual pension contributions. It is paid in two equal instalments. See Financial Guideline 2020/2021-22 for further details.**

3. **DEIS Grant (DEIS Schools only):** Schools included in the School Support Programme under DEIS receive a grant which is based on the level of concentrated disadvantage in each school and the school's enrolment. Queries in relation to the DEIS grant should be directed to Social Inclusion Unit in the Department.

4. **The School Services Support Fund: €122.50** per pupil (including PLC pupils) for 2022 is payable in three instalments in November, March and June. The minimum grant payable for 2022 is based on 200 pupils and thereafter according to enrolments. There is a 25% deduction of the SSSF Grant applied to PPP schools.

5. **Programme Grants**
    a. **Leaving Certificate Applied Grant: €151** per pupil in LCA. This is based on pupil enrolment in 5th and 6th year of LCA programme
    b. **Junior Certificate Schools Programme: €60** per pupil in First Year JCSP
    c. **Transition Year Grant: €95** per pupil in Transition Year
    d. **Physics and Chemistry: €13** per pupil taking Physics and/or Chemistry in 5th and 6th Year.

6. **Book Grant: €24** per pupil (excluding number of PLC pupils) in non-DEIS schools and **€39** per pupil (excluding number of PLC pupils) in DEIS schools.

7. **Special Class Grant:** A grant of **€201.00** per pupil, is payable in respect of pupils psychologically assessed as having a mild or moderate learning disability **and** who participate in NCSE approved special classes.

8. **Traveller Pupils Grant:** A grant of **€213.50** is payable for each Traveller pupil.

9. **Supervision/Substitution Scheme Funding:** Where a teacher has opted out of Supervision and Substitution Scheme, an amount equivalent to the supervision and substitution allowance has been allocated to the teacher's school for the provision of supervision and substitution duties. **This grant cannot be used to pay full-time teachers or teachers who have opted out of the Scheme for supervision and substitution on a casual/non-pensionable basis.** The school will receive €1,769 per annum for teachers employed pre-1 January 2011and €1,592 for teachers employed post- 31st December 2010 who opted out of the scheme.

10. **Capital Grants:** With prior trustee approval, the board of management may seek capital funding from the Department of Education under the following categories:

    - Major Projects
    - Additional Accommodation
    - Emergency Works (See Circular 0068/2020)
    - Remediation Programmes
    - Summer Works Scheme

    Application forms for Major Capital Works (Form SLE) and Additional Accommodation (Form ASA) should be downloaded from www.gov.ie select Department of Education, click on School Building and Design.

    Post-primary schools requiring **emergency works** to be undertaken must apply under this scheme by completing the online Emergency Works Application Form available through the Esinet system under the tab labelled 'Devolved Projects'.

11. **Calculation of grants:** You can calculate your expected grant income for the school year using the FSSU budget templates. Click here to download a template.

*Further information or clarification on any of the issues raised in this Guideline can be obtained from the FSSU.*

Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie

*23rd March 2022*

**SUMMARY OF GRANTS PAYABLE 2022/2023**

| No. | Grant Description | Rate per Pupil | Instalments | Payment Due | Notes | Nominal Code in FSSU Chart of Accounts |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Non-pay grant** | **€276.00 per pupil**<br>**€91.00 per PLC pupil**<br>**And Minor works grant: €10,000 + €6 per pupil (incl. PLC pupils)** | 4 | Jan/Apr/July/Oct | Includes PLC pupils<br>25% deduction is applied to PPP schools<br>Minor Works grant is not payable to PPP schools. | <3010> |
| 2 | **Non-teaching pay grant** | **Sanctioned staff at Dept approved Pay scales** | 4 | Jan/Apr/July/Oct | There is no Departmental sanction given for Caretakers and Cleaners in PPP schools | <3030> |
| 3 | **DEIS Grant**<br>**DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools)** | | 1 | To be confirmed | Queries in relation to DEIS Grant should be directed to Social Inclusion Unit in the Dept. | <3020> |
| 4 | **School Support Services Grant** | **€122.50** | 3 | Nov/Mar/Jun | Includes PLC enrolments<br>25% deduction is applied to PPP schools.<br>Minimum grant based on enrolment of 200 and thereafter according to enrolments. | <3050> |
| 5 | **Leaving Cert Applied** | **€151.00** | 1 | Jun | This is based on pupil enrolment in 5th and 6th year of LCA programme | <3210> |
| 6 | **Junior Cert School Programme** | **€60.00** | 1 | Jun | 1st Year JCSP only | <3190> |
| 7 | **Transition Year** | **€95.00** | 1 | Jun | Per pupil in transition year. | <3200> |
| 8 | **Physics and Chemistry** | **€13.00** | 1 | Jun | Per pupil in 5th and 6th Year Physics and/or Chemistry | <3245> |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 9 | **Special Class Grants** | **€201.00** | 1 | Dec | Pupils psychologically assessed as having a mild or moderate general learning disability and participating in NCSE approved special classes | <3290> |
| 10 | **Book Grant**<br>**Non-DEIS Schools**<br>**DEIS Schools** | <br>**€24.00**<br>**€39.00** | 1 | Jun | Book grant paid in June 2022 is for 2022/2023 school year. Excluding number of PLC pupils | <3150> |
| 11 | **Traveller Grant** | **€213.50** | 1 | Dec | Paid per traveller pupil | <3220> |
| 12 | **Supervision and Substitution**<br>Pre Jan 1, 2011- teachers<br>For teachers joining the scheme after Dec 31, 2010 | <br>**€1,769**<br>**€1,592** | 2 | Dec/Jun | Paid for teachers opting out of the scheme. | <3240> |

Teach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14
Guthán: 01 2690677 R-phost: info@fssu.ie

# Treoirlíne Airgeadais 2021/2022 - 27

## Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

## Deontais atá iníoctha le Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Scoilbhliain 2022/2023

*Tá an treoirlíne seo ag teacht in ionad Threoirlíne 23-2020/2021 – Deontais atá Iníoctha le Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha 2021/2022.*

1. **Deontas Neamhphá:** Ón 1 Meán Fómhair 2022 is é €276.00 an ráta in aghaidh an dalta (lena n-áirítear daltaí iar-Ardteistiméireachta). Ceapadh an deontas neamhphá chun gnáthchostais scoile a chumhdach.

   **Sa bhreis ar an deontas neamhphá**, íocfar **€91** breise in aghaidh an dalta i gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC).

   Bíonn laghdú 25% ar an Deontas Neamhphá agus ar an leithdháileadh Iar-Ardteistiméireachta do scoileanna CPP.

   Cuimsítear foráil do €10,000 sa bhuiséad neamhphá, mar aon le deontas caipitíochta de €6.00 in aghaidh an dalta (lena n-áirítear líon na ndaltaí Iar-Ardteistiméireachta), faoin gceannteideal *Mionoibreacha de Chineál Caipitil*. Ní bhíonn an Deontas do Mhionoibreacha iníoctha le scoileanna CPP.

   Íoctar an deontas seo ina cheithre thráthchuid:  mí Eanáir, mí Aibreáin, mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair

   **N.B. Tabhair faoi deara: ríomhtar íocaíochtaí mhí Eanáir agus mhí Aibreáin bunaithe ar 90% de bhuiséad na bliana roimhe roinnte faoina cheathair agus íoctar aon cheathrú de i mí Eanáir agus aon cheathrú eile i mí Aibreáin. Cuirtear coigeartú iomlán don líon daltaí ar an rolla sa bhliain reatha i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí mhí Iúil agus mhí Dheireadh Fómhair agus íoctar é ina dhá thráthchuid chothroma.**

2. **Deontas Pá Neamhtheagaisc:** Ceapadh an deontas seo chun an costas a bhaineann le leithdháiltí foirne arna bhfaomhadh ag an Roinn a chlúdach. Tá an deontas bunaithe ar an líon foirne atá ceadaithe agus tá an tuarastal bunaithe ar scálaí tuarastail arna bhfaomhadh ag an Roinn. Ní mór aon athruithe ar an bhfoireann a ceadaíodh a chur in iúl do Rannóg Airgeadais na Scoileanna. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin **nach mór** faomhadh a iarraidh ó Rannóg Airgeadais na Scoileanna maidir le haon bhaill foirne nua.

**Scéim pinsin ranníocach d'fhostaithe lánaimseartha neamhtheagaisc:**

Ó 2021 ar aghaidh, déanann an Roinn asbhaint ón deontas scoile aonair a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán bliantúil ranníocaíochtaí pinsin den sórt sin. Féach Treoirlíne Airgeadais 2020/2021-22 chun tuilleadh sonraí a fháil.

Ní dhearna an Roinn aon Fheighlithe ná Glantóirí a cheadú i scoileanna CPP.

Íoctar an deontas seo ina cheithre thráthchuid: mí Eanáir, mí Aibreáin, mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair.

**N.B. Tabhair faoi deara: ríomhtar íocaíochtaí mhí Eanáir agus mhí Aibreáin bunaithe ar 90% de bhuiséad na bliana roimhe roinnte faoina cheathair agus íoctar aon cheathrú de i mí Eanáir agus aon cheathrú eile i mí Aibreáin. Cuirtear coigeartú iomlán i leith áireamh na bliana reatha i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí mhí Iúil agus mhí Dheireadh Fómhair agus déantar asbhaint le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin bliantúla fhostaithe na bliana roimhe. Íoctar in dhá thráthchuid chomhionanna í. Féach** Treoirlíne Airgeadais 2020/2021-22 **chun tuilleadh sonraí a fháil.**

3. **Deontas DEIS (Scoileanna DEIS amháin):** Scoileanna atá san áireamh sa Chlár Tacaíochta Scoile faoi DEIS, faigheann siad deontas a bhíonn bunaithe ar leibhéal an dlúth-mhíbhuntáiste i ngach scoil, chomh maith le rollú na scoile. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an deontas DEIS a chur chuig an Aonad um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn.

4. **An Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile: €122.50** in aghaidh an dalta (lena n-áirítear daltaí Iar-Ardteistiméireachta) i gcomhair 2022, a bheidh iníoctha ina thrí thráthchuid i mí na Samhna, i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh. Is ar 200 dalta a bheidh an deontas íosta is iníoctha don bhliain 2022 bunaithe, agus athrófar é ina dhiaidh sin de réir líon na ndaltaí ar an rolla. Déantar an Deontas CTSS a laghdú 25% i gcás scoileanna CPP.

5. **Deontais Chláir**
   a. **Deontas don Ardteistiméireacht Fheidhmeach: €151** in aghaidh an dalta atá ag gabháil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá sé seo bunaithe ar líon na ndaltaí sa 5ú agus sa 6ú bliain atá cláraithe don Ardteistiméireacht Fheidhmeach
   b. **Clár an Teastais Shóisearaigh do Scoileanna: €60** in aghaidh an dalta sa Chéad Bhliain JCSP
   c. **Deontas na hIdirbhliana: €95** in aghaidh an dalta san Idirbhliain
   d. **Fisic agus Ceimic: €13** in aghaidh an dalta atá ag gabháil don Fhisic agus/nó don Cheimic sa 5ú nó sa 6ú bliain.

6. **Deontas Leabhar: €24** in aghaidh an dalta (gan daltaí Iar-Ardteistiméireachta a áireamh) i scoileanna nach scoileanna DEIS iad agus **€39** in aghaidh an dalta (gan daltaí Iar-Ardteistiméireachta a áireamh) i scoileanna DEIS.

7. **Deontas Ranga Speisialta:** Tá deontas **€201.00** in aghaidh an dalta iníoctha i leith daltaí a measadh go síceolaíoch a bhfuil míchumas foghlama éadrom nó measartha acu **agus** a ghlacann páirt i ranganna speisialta atá faofa ag CNOS.

8. **Deontas i leith Daltaí den Lucht Siúil:** Íoctar deontas **€213.50** i leith gach dalta de chuid an Lucht Siúil.

9. **Maoiniú don Scéim Maoirseachta/Ionadaithe:** I gcás gur dhiúltaigh múinteoir a bheith páirteach sa Scéim Maoirseachta agus Ionadaithe, leithdháiltear méid is ionann agus an liúntas maoirseachta agus ionadaithe ar scoil an mhúinteora chun dualgais mhaoirseachta agus ionadaithe a chomhlíonadh. **Ní ceadmhach an deontas sin a úsáid le múinteoirí lánaimseartha a dhiúltaigh a bheith páirteach sa scéim a íoc as maoirseacht ná ionadú ar bhonn neamhfhoirmeálta/neamh-inphinsin.**
   Gheobhaidh an scoil €1,769 sa bhliain i leith múinteoirí a fostaíodh roimh an 1 Eanáir 2011 agus €1,592 i leith múinteoirí a fostaíodh tar éis an 31 Nollaig 2010 a dhiúltaigh a bheith páirteach sa scéim.

10. **Deontais Chaipitil:** Ach cead a fháil ó na hIontaobhaithe roimh ré, féadfaidh an Bord Bainistíocha maoiniú caipitil a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi na catagóirí seo a leanas:

    - Mórthionscadail
    - Cóiríocht Bhreise
    - Oibreacha Éigeandála (Féach Ciorclán 0068/2020)

- Cláir Feabhsúcháin
- Scéim na nOibreacha Samhraidh

Is ceart foirmeacha Iarratais i gcomhair Móroibreacha caipitiúla (Foirm SLE) agus Cóiríocht Bhreise (Foirm ASA) a íoslódáil ó www.gov.ie. Roghnaigh An Roinn Oideachais, cliceáil ar Tógáil agus Dearadh Scoile.

Maidir le hiar-bhunscoileanna a bhfuil **oibreacha éigeandála** de dhíth orthu, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh faoin scéim seo tríd an Fhoirm Iarratais ar Oibreacha Éigeandála ar líne a chomhlánú tríd an gcóras Esinet faoin táb dar lipéad 'Tionscadail Dhéabhlóidithe.

**11. Deontais a ríomh:** Féadfaidh tú an t-ioncam deontais a bhfuil tú ag súil leis don scoilbhliain a ríomh ach na teimpléid bhuiséid FSSU. Cliceáil anseo chun teimpléad a íoslódáil.

*Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.*

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

*An 23 Márta 2022*

## ACHOIMRE AR NA DEONTAIS IS INÍOCTHA, 2022/2023

| Uimh. | Cur Síos ar an Deontas | Ráta in aghaidh an Dalta | Tráthchodanna | Íocaíocht Dlite | Nótaí | Cód Ainmniúil i gCairt Cuntas FSSU |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Deontas Neamhphá** | **€276.00 in aghaidh an dalta**<br>**€91.00 in aghaidh an dalta Iar-Ardteistiméireachta**<br>**Agus deontas do mhionoibreacha: €10,000 + €6 in aghaidh an dalta (agus daltaí Iar-Ard-teistiméireachta san áireamh)** | 4 | Ean/Aib/Iúil/D. Fómh | Agus daltaí Iar-Ard-teistiméireachta san áireamh<br>Cuirtear laghdú 25% i bhfeidhm maidir le Scoileanna PPP<br>Níl an Deontas do Mhionoibreacha iníoctha le scoileanna PPP | <3010> |
| 2 | **Deontas pá neamhtheagaisc** | **Baill foirne ceadaithe ar scálaí pá arna bhfaomhadh ag an Roinn** | 4 | Ean/Aib/Iúil/D. Fómh | Níor thug an Roinn cead ar bith maidir le Feighlithe agus Glantóirí i scoileanna CPP | <3030> |
| 3 | **Deontas DEIS**<br>**DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar** | | 1 | Le deimhniú | Ba cheart aon cheisteanna maidir le Deontas DEIS a chur chuig an Aonad um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn. | <3020> |
| 4 | **Deontas um Sheirbhísí Tacaíochta do Scoileanna** | **€122.50** | 3 | Samh/Már/Meith | Cuirtear daltaí Iar-Ardteistiméireachta ar an rolla san áireamh<br>Cuirtear laghdú 25% i bhfeidhm maidir le Scoileanna PPP<br>Deontas íosta bunaithe ar 200 dalta nua ar an rolla agus ar aon daoine nua ina dhiaidh sin. | <3050> |
| 5 | **An Ardteistiméireacht Fheidhmeach** | **€151.00** | 1 | Meith | Tá sé seo bunaithe ar líon na ndaltaí sa 5ú agus sa 6ú bliain atá cláraithe don | <3210> |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Ardteistiméireacht Fheidhmeach | |
| 6 | **Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh** | **€60.00** | 1 | Meith | 1ú Bhliain den CSTS amháin | <3190> |
| 7 | **An Idirbhliain** | **€95.00** | 1 | Meith | In aghaidh an dalta Idirbhliana. | <3200> |
| 8 | **Fisic agus Ceimic** | **€13.00** | 1 | Meith | In aghaidh an dalta sa 5ú nó sa 6ú bliain atá ag gabháil don Fhisic agus/nó don Cheimic | <3245> |
| 9 | **Deontais Ranga Speisialta** | **€201.00** | 1 | Noll | Daltaí a measadh go síceolaíoch a bhfuil míchumas foghlama éadrom nó measartha orthu agus a ghlacann páirt i ranganna speisialta atá faofa ag CNOS | <3290> |
| 10 | **Deontas Leabhar Scoileanna nach**<br><br>**Scoileanna DEIS iad Scoileanna DEIS** | **€24.00**<br><br>**€39.00** | 1 | Meith | Is don scoilbhliain 2022/2023 é an deontas leabhar a íocfar i mí an Mheithimh 2022. Gan na daltaí Iar-Ardteistiméireachta a áireamh | <3150> |
| 11 | **An Deontas don Lucht Siúil** | **€213.50** | 1 | Noll | In aghaidh an dalta den Lucht Siúil | <3220> |
| 12 | **Maoirseacht agus Ionadú**<br>Múinteoirí a fostaíodh roimh an 1 Eanáir 2011<br>Múinteoirí a tháinig isteach sa scéim tar éis an 31 Nollaig 2010 | **€1,769**<br><br>**€1,592** | 2 | Noll/Meith | In aghaidh an mhúinteora a dhiúltaigh a bheith páirteach sa scéim. | <3240> |